Turasóireacht amuigh faoin aer

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chomhthionól atá ar siúl faoi láthair i gContae Chiarraí. Sula bhféachann tú ar an mír, féach ar na himeachtaí seo thíos leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad? Bígí in ann cur síos a dhéanamh orthu ar ball.

Oll-tonnmharcaíocht
Parafaoileoireacht
Canúáil
Seoltóireacht
Sciáil uisce
Tumadóireacht scúba
Faoileoireacht chrochta
Ailleadóireacht
Siúl scornaí
Eitleogaíocht bugaí
Ziplíneáil
Sórbáil

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail/frása seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- Adventure Travel World Summit
- delegate
- from every corner of the earth
- great surge
- sector
- looking for new ways
- demanding
- valuable tourists
- nearly
- increasing

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís. Cén fáth ar luadh na nithe seo a leanas?

- Cill Airne
- 700
- Bearna an Choimín
- Jason Nott
- Sé chomhlacht
- €850,000

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na focail seo a bhí sa mhír agus cuirigí sna boscaí cuí iad. Féach san fhoclóir más gá.

comhthionól, toscaire, domhan, saol, draíocht, coirm, earnáil, eachtraíocht, turasóir, eacnamaíocht

Focail bhaininscneacha	**Focail fhirinscneacha**

An féidir libh cúpla nód a scríobh síos a chuideodh le duine inscne an fhocail a aimsiú. Scríobhaigí bhur bpointí sna boscaí.

Focail bhaininscneacha	**Focail fhirinscneacha**

Ceist 5 '…*timpeall*…'

A. Cén téarma gramadaí a dhéanann cur síos ar an bhfocal thuas?

B. Féach ar an sampla seo: ***timpeall an domhain***. Cad is féidir leat a rá faoi na focail a leanann an focal ***timpeall***?

C. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:
cois, chun, dála, trasna

Ceist 6 Athscríobh na treoracha seo amach arís agus cuir gach dá abairt atá ag dul sa treo céanna le chéile.

Ag dul ó dheas _____
Ag dul siar _____
Ag teacht aduaidh _____
Ag dul ó thuaidh _____
Ag dul soir _____
Ag teacht aneas _____
Ag teacht anoir _____
Ag teacht aniar _____

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Bí cinnte go bhfuil na téarmaí ar eolas acu agus go dtuigeann siad cad atá i gceist le gach spórt.

- Big Wave Surfing – oll-tonnmharcaíocht
- Paragliding – parafaoileoireacht
- Canoeing – canúáil
- Sailing – seoltóireacht
- Water skiing – sciáil uisce
- Scuba Diving - tumadóireacht scúba
- Hang Gliding - faoileoireacht chrochta
- Rock Climbing – ailleadóireacht
- Gorge walking – siúl scornaí
- Kite buggying – eitleogaíocht bugaí
- Zip lining – ziplíneáil
- Zorbing – sórbáil

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- Adventure Travel World Summit – Comhthionól Domhanda na Turasóireachta Eachtraíochta
- delegate - toscaire
- from every corner of the earth – ó chuile chearn den domhan
- great surge – borradh mór
- sector - earnáil
- looking for new ways – ag lorg slite nua
- demanding – ag éileamh
- valuable tourists – turasóirí luachmhara
- nearly – beagnach
- increasing – ag dul i méid

Ceist 3

- Cill Airne: An áit a bhfuil an comhthionól ar siúl.
- 700: Líon na dtoscairí atá ag freastal ar an gcomhthionól ó chuile chearn den domhan.
- Bearna an Choimín: Áit dhraíochtúil i gCill Airne a raibh a lán toscairí ag baint suilt as imeachtaí amuigh faoin aer, cosúil le marcaíocht agus rothaíocht.
- Jason Nott: Reáchtálann sé turais safari i Namibia agus deir sé go bhfuil daoine ag lorg slite nua chun a laethanta saoire a chaitheamh.
- Sé chomhlacht: Líon na gcomhlachtaí turasóireachta eachtraíochta a bunaíodh i gCill Airne le deich mbliana anuas.
- €850,000: An méid airgid a ghnóthaíonn an earnáil turasóireachta seo d'eacnamaíocht na tíre.

Ceist 4

Focail bhaininscneacha	**Focail fhirinscneacha**
draíocht *coirm* *earnáil* *eachtraíocht* *eacnamaíocht*	*comhthionól* *toscaire* *domhan* *saol* *turasóir*

Focail bhaininscneacha	Focail fhirinscneacha
Focail a chríochnaíonn le consan caol: *coirm, earnáil* Focail a chríochnaíonn le –lann: *dánlann, leabharlann* Focail a chríochnaíonn le –eog / -óg: *bróg, bileog* Focail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *eachtraíocht, eacnamaíocht* Focail a chríochnaíonn le –chan: *athbheochan* Focail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *feasacht, gluaiseacht*	Focail a chríochnaíonn le consan leathan: *chomhthionól, domhan, saol* Focail a chríochnaíonn le –ín, nuair is 'níos lú' atá i gceist: *cailín, spailpín* Focail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *fiaclóir, turasóir* Focail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *ceacht, leacht*

Ceist 5

A. Réamhfhocal.
B. Cé gur réamhfhocal é *timpeall*, leanann an tuiseal ginideach é.
C. Baineann an riail chéanna leis na réamhfhocail seo a leanas:
   - cois – *beside* (cois farraige)
   - chun – *towards* (tá an scéal imithe chun donais)
   - trasna – *across* (trasna na sráide)
   - dála – *regarding* (dála an scéil)

Ceist 6

Ag dul ó dheas
Ag teacht aduaidh

Ag dul siar
Ag teacht anoir

Ag dul ó thuaidh
Ag teacht aneas

Ag dul soir
Ag teacht aniar

Eimear Ní Chonaola
Ó dheas i gCill Airne i gContae Chiarraí tá tús curtha leis an gComhthionól Domhanda Turasóireachta Eachtraíochta. Tá seacht gcéad toscaire ó chuile chearn den domhan ag freastal ar an gcomhthionól.

Grett O'Connor
Ní foláir ná go raibh a fhios ag an bhfear thuas go raibh lá tirim riachtanach inniu chun go dtuigfeadh an saol ar fad an draíocht a bhaineann le Ciarraí. Bhí ar chumas na dtoscairí dul ar thurasanna[1] éagsúla ar fud an chontae inniu, cuid mhaith acu timpeall Chill Airne féin. Bhain an grúpa seo an-sult go deo as Bearna an Choimín. Turasanna safari a bhíonn á reáchtáil ag Jason Nott in Namibia. Dúirt sé gur léir ansin freisin go bhfuil daoine ag lorg slite nua chun a laethanta saoire a chaitheamh.

Inniu bhí ullmhúchán ar siúl do choirm cheoil mhór a bheidh ar siúl anocht. Tá borradh mór tagtha ar an earnáil turasóireachta eachtraíochta i gCill Airne, le sé chomhlacht nua bunaithe anseo le deich mbliana anuas.

Seán Mac Uidhir, Eagras Tráchtála na nAirne
Tá siad seo i gCill Airne agus tá siad ag baint úsáide as an gcontae ar fad mar go bhfuil daoine ag éileamh sos amuigh faoin dtuath, sos ón mbrú millteanach atá ar dhaoine sna cathracha ar fud an domhain. Sin é an fáth go bhfuil an comhthionól tagtha go dtí Ciarraí anois, go bhfuil éileamh chomh mór sin orainn, sa saol nua-aimseartha atá againn.

Grett O'Connor
Deir *Fáilte Ireland* gur cuairteoirí luachmhara iad na daoine a thagann anseo ag gabháil d'imeachtaí eachtraíochta. Is fiú beagnach caoga faoin gcéad níos mó iad don eacnamaíocht ná turasóirí eile. Agus, is fiú beagnach ocht gcéad caoga milliún euro an earnáil seo d'eacnamaíocht na hÉireann gach bliain, agus é sin ag dul i méid an t-am ar fad.

Grett O'Connor, Nuacht TG4 i gCill Airne.

[1] *turais* atá sa Chaighdeán Oifigiúil